

Daniel Innerarity

---

## Nuálaíocht Pholaitiúil an Aontais Eorpaigh

Daniel Innerarity

Má bhí Jacques Delors é féin ábalta a rá gur ÚPÓ (Réad Polaitiúil gan Aithint) é an Eoraip, níor chóir go gcuirfeadh sé ró-iontas ar bith orainn go mbíonn mothú doiléir agus trína chéile ag daoine ina leith, i dtéarmaí polaitiúla go ginearálta. Ba lú an meadhrán seo dá mb'fhéidir breith ar an chumraíocht nua seo eadhon an tAontas Eorpach trí chatagóirí traidisiúnta an Náisiún-stáit nó an chonartha idirnáisiúnta, dá dtógfaimis Náisiún-stát ar scála ollmhór nó dá méadóimis go mór an caidreamh idir stáit fhlaithesacha. Ach is rud eile ar fad é próiseas an imeasctha, cumraíocht uathúil neamhthriallta. Le go dtuigfí é, is gá coincheapa nua agus cleachtais nua.

Labhraítear a lán faoin *easnamh daonlathach*. Creidimse áfach, gurb í an fhadhb is mó atá ag an Eoraip a *heasnamh cognaíoch*, an drochthuiscint amach atá againn ar cad é dó a seasann an tAontas Eorpach. Is deacair againn a thuiscint go bhfuil os ár gcomhair amach ceann de na nuálaíochtaí is mó lenár linn, fíorshaotharlann chun dearadh nua féiniúlachta agus cumhachta a thástáil, agus sibhialtacht i gcomhthéacs an domhandaithe. An ghéarchéim atá ann mar is léir ón teip bhunreachtúil agus ón drochbharúil ghinearálta atá ag daoine maidir le féidearthachtaí dul chun cinn nua i gcúrsaí imeasctha, tá an ghéarchéim sin ann de dheasca easpa tuisceana ar an sórt daoine atá ionainn agus ar an rud atáimid a thógáil agus – más ceadmhach dom a rá i mo cháilíocht mar fhealsúnaí díograiseach

---

Daniel Innerarity

---

– de bhrí nach bhfuil dearcadh dearfach againn i leith na hEorpa. An t-easnamh a bhfuil mé ag caint air ní easnamh cumarsáide é, a thiocfadh a réiteach trí mhargaíocht níos éifeachtúla. Is marach tuisceana é (idir na saoránaigh agus na rialtais Eorpacha), easpa chreidiúint dhaingean i dtaca le bunúsacht, caolchúis, éifeachtacht agus coimpléascacht dhéanamhas na hEorpa. Is amhlaidh is féidir a mhíniú eagla na saoránach agus easpa uailmhéine na gceannairí. An fhadhb atá ann go bhfuil an tuiscint atá againn den AE lán d'éadairimí a fhágann í ar choimirce dhearcadh dromchlach an phobail, nach n-aithníonn í ach mar leibhéal breise cumhachta, mar straitéis maireachtála i láthair domhandaithe a mheastar bheith bagrach go díreach.

An rud a theastaíonn ón Eoraip, a comhleanúnachas a aithint agus a athnuachan. Ní féidir dul chun tosaigh i dtaca le himeascadh polaitiúil mura ndírí muid aghaidh ar cheist nádúr na hEorpa, nó má tharraingimid siar ó bhuncheisteanna faoi chomhdhéanamh na hEorpa anois agus cad é a thiocfadh bheith ann amach anseo. Mar a mhaígh Julia Kristeva, ní hamháin go gcaithfidh úsáid bheith leis an Eoraip, caithfidh ciall bheith léi fosta. Tuiscint a bheith againn ar an Eoraip sin í an chéad chéim chun treo a leagan síos, chun barúil a thabhairt do shaoránaigh ar an tuismeadh a thiocfadh, de bharr a dtoilithe, i ndiaidh díospóireacht phoiblí. Thiocfadh dó, in am amháin, go measfaí a leithéid de shoiléiriú bheith gan úsáid, ach inniu is den riachtanas é.

Féachfaidh mé le bunúsacht an Aontais Eorpaigh a mhíniú agus a bhunú ar thrí ghné éagsúla: 1) tá an fhéiniúlacht Eorpach fiú níos casta agus níos éagsúla ná a mheasaimid í a bheith; 2) tá imill ag

---

Daniel Innerarity

---

ceantar na hEorpa, seachas críocha agus teorainneacha; 3) thiocfadh leis an Eoraip dhomhandaithe feidhmiú mar shamhail de dhomhan idirspiléach. Déanfaidh mé mo mhachnamh ar na trí topaicí seo (féiniúlacht, spás agus domhandú) a roinnt libh, agus mé ag maíomh – lena chur ar dhóigh beagán paradacsúil – gur féiniúlacht gan sainmhíniú cruinn atá ag an Eoraip, gur spás é nach ndruidneann agus gur *muidne* é gan aon iadsan.

### **An fhéiniúlacht Eorpach: déanann *muidne* daoine eile**

Is minic a sainmhíniú an Eoraip de réir a cúinsí tíreolaíochta, stairiúla agus polaitiúla, agus le himeacht ama, cruthaíodh sibhialtacht uathúil a ghin samhail iartharach den nua-aimsearthacht. Ach má dhéantar grinnscrúdú uirthi, ba chasta ná sin ceist na féiniúlachta. I dtaobh na tíreolaíochta, níl teorainneacha nádúrtha ag an Eoraip: ní tharraingíonn an tAigéan Atlantach cósta cinnte di, mar is léir ón chaidreamh ar leith atá ag an Bhreatain leis na Stáit Aontaithe; scarann an Mheánmhuir pobail ó chéile oiread céanna agus a nascann sí agus a chruthaíonn sí teagmhálacha eatarthu; i dtaca leis an Oirthear, níl teorainneacha soiléire aige ar chor ar bith. Má amharcaimid uirthi mar ilchríoch, tá an Eoraip níos doiléire arís, rud a thuig Paul Valéry go maith nuair a ghair sé di leithinis de chuid ilchríoch na hÁise (1957). Is féidir a rá, sa mhéid sin, go bhfuil níos lú de sheasmhacht gheoifisiceach ag an Eoraip ná atá ag an fhó-ilchríoch Indiach. Maidir lena sibhialtacht, síneann an Eoraip níos mó i dtreo na hilchríche Áisí agus ní féidir roinnt mhaith den Mheánmhuir a scaradh uaithi.

Daniel Innerarity

---

Ó thaobh na staire de, ní sibhialtacht aonadach í an Eoraip ach oiread a d'fhorbair le himeacht aimsire ón chuid eile den domhan a conair dheachartha chinnte féin. Is mó í éagsúlacht chultúrtha na hEorpa ná éagsúlacht a cuid náisiún; cruthaíodh an Eoraip i gcomhghaol agus trí chomhthoirchiú a cuid náisiún. Is é sin an fáth is féidir a rá fúithi gur mó í ná sibhialtacht, gur «náisiúnbhuíon sibhialtachta» í. (Delanty agus Rumford, 2005. I.37).

Ní féidir ach oiread an Eoraip a shainmhíniú de réir choincheap an *Iarthair*. Níl fréamhacha stairiúla na sibhialtachta iartharaí – an Aithin, an Róimh, Iarúsailéim – níl siad Eorpach i gciall iartharach an téarma. Déanaimid dearmad go réidh gur san Oirthear atá fréamhacha an chultúir agus na sibhialtachta iartharaí le fáil. Bhí an domhan ársa oirthearach, ní iartharach. Is cúlra Meánmhuirí atá ag an tSeandacht chlasaiceach agus bunús na Críostaíochta, sa chiall a thugann Braudel don téarma sin (1999, 1ú eag. 1949). Ar nós na nGréagach, ní raibh ag na Rómhánaigh ach oiread tuiscint ghlé ar an fhéiniúlacht Eorpach, rud a bhaineann go háirithe leis an Mheánaois – chreid siad an Róimh bheith i lár an domhain. Mar gheall ar a stair agus, thairis sin, a leagan amach reatha, ní hionann go díreach an Eoraip agus an tIarthar.

Do na pobail ársa, bhí an chodarsnacht idir an tuaisceart agus an deisceart níos tábhachtaí ná an difear idir an tOirthear agus an tIarthar. Ar feadh tamall fada, b'íonann na hAlpa agus teorainn thíreolaíoch agus chultúrtha, níos mó go mór ná an Mheánmhuir, a bhí mar chroílár na sibhialtachta. Eascraíonn an chodarsnacht idir an t-oirthear agus an t-iarthar as an am, sa VIIú haois, nuair a luadh go

---

Daniel Innerarity

---

glinn an smaoineamh Eorpach i gcoinne Ioslam, freasúra a lean ar aghaidh a bheag nó a mhór trí na Meánaoiseanna, go dtí ár linne féin agus a fhad le deireadh an Chogaidh Fhuair.

Tá formhádú an AE soir difriúil ó bhun le cinn a tháinig roimhe. Ní hamháin go gciallaíonn sé méadú mór i líon na mBallstát, ach is athchumraíocht é ar a chreatlach sibhialtacha. Agus na teorainneacha Eorpacha ag gluaiseacht leo soir i dtreo na Rúise agus ar deireadh teacht isteach na Tuirce, bogann an Eoraip i dtreo na hÁise agus éiríonn beagán ar bheagán iar-iartharach agus polalárnach. Dá réir sin, is féidir dul thart leis an « Eoraip bheag sin » an Chogaidh Fhuair. Ní hamháin go ndéanann an formhádú seo an Eoraip i bhfad níos fairsinge, lena chois sin cuireann sé claochlú ó bhun uirthi. Níor dhíothaigh titim an chumannachais an tOirthear ach rinne sé é a athmhúnlú, is Oirthear é ata ag dul a bheith i bhfad i bhfad níos tábhachtaí san Eoraip Nua seo. Ó 1989 anall, i ndiaidh titim Bhalla Bheirlín, d'ímigh an freasúra idir an tIarthar agus an tOirthear as agus thosaigh ré nua ina raibh an Eoraip dírithe ar dhomhan ilpholach a thógáil.

Ní cineál saoil í an Eoraip ná pobal, ná sibhialtacht, ná sár-Stát. Ina áit sin, is déanmhas bunúsach de chineál ar leith í sa mhéid is go bhfuil sí bunaithe ar an fhéidearthacht go dtig noirm shriantacha bheith ann de thoradh cumarsáid idir cheantair nach bhfuil aonchineálach ná go hiomlán comhaontaithe. Chomh maith leis sin scarann an tAE é féin amach ón bhunrechtúlachas traidisiúnta a d'éiligh aontacht i measc an *demos* (an phobail), mar ar tuigeadh go rímhinic go raibh aontacht theangeolaíoch, chultúrtha nó reiligiúnach i

---

Daniel Innerarity

---

gceist. Is í an deighilt seo idir an fhéiniúlacht chultúrtha agus an pholaitíocht ceann de na nuálaíochtaí is suimiúla dá chuid, a fhágann gur féidir daonlathas a chruthú gan *demos* nó le *demoi* (pobail) éagsúla, le comhphobal atá sainithe go holc, rianaithe ar éigean, scaoilteach agus nach gá dó ach oiread cur i gcoinne comhphobail eile.

Sa mhéid is go bhfuil sé chomh deacair an Eoraip a shainiú i dtéarmaí nach mbaineann ach amháin le cultúr, a thagraíonn do stair chomóna, do limistéar dea-rianaithe ar leith nó do luachanna coitinn, sin é an fáth a bhfuil sé chomh tábhachtach líomatáiste poiblí Eorpach a chruthú: an Eoraip mar a bheadh comhrá ann, mar a bheadh ionad dioscúrsa, nach bhfuil bunanna cinntitheacha de dhíth air ach féidearthachtaí idirchaidrimh.

Dá mba ghá, i lár an iolrachais seo na luachanna, ní éigin saothíúil a shonrú, ghlacfainn mar thúsphointe an breathnú grinn seo de chuid Montesquieu a chreid go raibh na hEorpaigh i gcónaí gafa le bheith ag fáil amach cén cineál dearcaidh a bhí ag daoine eile díobh féin. Sílim gurb as an aigne sin bheith ár bhfeiceáil féin ó lasmuigh a thagann na déantúis is fearr dá dtógaimid, i bhfad níos mó ná iarracht de chosaint ar cad é a bhaineann go dlúth linne agus linne amháin. Agus dá mba mheascán de ghnáis iad ár mbunluachanna a ghin smaoineamh a spreagfadh muid i dtólamh chun fanacht siar i dtaca lenár bhféiniúlacht féin de? Is comharthaí sóirt iad an féinchoibhneasachas (*autorelativisation*), an t-aisfhillteachas (*reflexivity*), an fad a choinníonn tú siar uait féin, an fhiosracht, an t-

---

Daniel Innerarity

---

omós agus an t-aitheantas de chineál d'fhéiniúlacht éadrom ach murach í níorbh fhéidir an t-eispéireas Eorpach a thabhairt i gcrích.

### **Na ceantair Eorpacha: imill nach dteorannaíonn**

Is eochracha iad ceist na spásúlachta agus ceist an talaimh a ligeann dúinn ciall a bhaint as an imeascadh Eorpach. Fosta ón ghné sin de, tagann roinnt rudaí ar leith ós ár gcomhair is gá a thuiscint chun úrnuacht an réigiúin Eorpaigh a shainiú. Is spás leithleach é an Eoraip. Mar spás aontaithe polaitiúil, is úrnuacht í a éilíonn go mbreathnaímid arís ár réamhchlaonta, ár modh chun saincheist an chríochachais a mheas de réir scéimrí traidisiúnta.

An chéad chatagóir a tharraingítear anuas ag an náisiúnbhuíon nua seo is é an smaoineamh go bhfuil spás teormharcáilte ann (.i. a bhfuil a theorainneacha socraithe). Tá nós againn smaoineamh ar spásanna amhail is go bhfuil siad socraithe, fógartha ag Stáit agus scartha ag teorainneacha. I gcás na hEorpa ámh, is é an rud a fheicimid – ar an taobh istigh agus, go pointe áirithe, ar an taobh amuigh – an iliomad limistéar a thrasnaíonn agus a fhorluíonn thar a chéile. In áit teorainneacha, is é atá ag an spás Eorpach imill nó *imeallchríocha*. Ó dhearcadh geopholaitiúil, ní teorainneacha socraithe iad sa chiall is cirte den téarma a cuid teorainneacha Meánmhuirí nó oirthearacha, ach imill nach leagann síos críoch, tairseacha pasáiste is ea iad, atá réasúnta scaoilte, criosanna dinimiciúla, ina mbíonn ceangaltas agus neamhleanúnachas ag altadh le chéile ar dhóigh bhuan. Ní gá go scarfadh imill ceantair óna chéile; is féidir leo fosta iad a nascadh ar dhóigh áirithe mar a bheadh uaimchríocha ann (Hassner, 2002, l. 40). Tá an Eoraip ag tabhairt a haghaidhe ar rud atá ag titim amach

---

Daniel Innerarity

---

in áiteanna eile ar fud an domhain chomh maith agus don domhan ar fad, ach go bhfuil déine ar leith i gceist. Tuigtear le domhandú go mbíonn trasnú síoraí limistéar ag tarlú, dialachtaic den teorannú agus den chríochadóireacht nó den dítheorannú. Is mó ná líniú teorann iad na himill scaipthe seo - is spás iontu féin iad.

Óna thaobh sin de, is féidir a mhaíomh gur cosúla é an t-imeall le críochlínte impireachta ná teorainn thraidisiúnta na Stát nua-aimseartha. Is é rud nach gcuireann criosanna teagmhála críoch le ceantair faoi mar ba ghnách le teorainneacha a chosain sláine críche a dhéanamh tráth. Murab ionann agus teorainneacha, ní dhealaíonn imill go hiomlán idir an mhuintir atá laistigh agus an mhuintir atá lasmuigh, ar a laghad ar bith ní dhéanann siad é le soiléireacht iomlán agus ar dhóigh chinntitheach. Is spásanna iad na himill nach bhfuil fíorimeasctha dáiríre ná go hiomlán seachtrach, is ceantair iad nach féidir a cheangal le tír ar bith. Tá an tréith seo ag rith le teorainneacha go bhfuil siad “insínte” agus gur féidir leo caidreamh pribhléideach bheith acu le himeallcheantair shocraithe. Is í an argóint “cionn is nach raibh aon chúis nach ndéanfaí é”, a bhí taobh thiar den fhormhéadú, agus is argóint an-tábhachtach í nuair a dhéantar iarracht tuiscint cén sórt teorann atá thart ar an AE. Mar gheall ar a féiniúlacht leithleach, níl argóintí dochonspóide ag an Eoraip i dtaca le socrú a cuid teorainneacha.

Feictear dom agus plé ag dul ar aghaidh faoi láthair ar thodhchaí na hEorpa, go meastar an cineál sin ceiste faoina luach, dá chinntithí í. An chaint seo uile faoi imeascadh, cuir i gcás, bíonn an claonadh ann neamhaird a dhéanamh de cheisteanna is tábhachtaí ná sin, iad siúd

---



Daniel Innerarity

---

a thagann aníos mar gheall ar chruth spásúil an AE. Más gréasán í an Eoraip, tá an teagmháil a chruthaíonn sí lena timpeallacht agus leis an chuid eile den domhan go díreach chomh tábhachtach céanna lena comhtháthú inmheánach. Ní féidir an spás Eorpach a thuiscint go maith má dhéantar neamhaird dá nasc (leis an taobh amuigh), a dhéanann níos coimpléascaí agus níos dinimiciúla í. Le bheith cruinn, is é an smaoineamh seo “na n-imeall Eorpach” a thabharfadh le fios go bhfuil loighic eile ann seachas próiseas an imeasctha amháin: a héagumas a ceantair pholaitiúla, eacnamaíocha agus shóisialta a aontú go hiomlán nó a n-idirdhealú ón taobh amuigh tagann sin de bharr nach bhfuil an tAE chomh scartha ón chuid eile den domhan agus is gnách linn a chreidiúint agus ar an ábhar go n-oibríonn an domhandú ar an iomad leibhéal fhorluiteacha seachas bheith ag idirdhealú na hEorpa ó réigiúin eile an domhain (Delanty agus Rumford, 2005, l. 134). Ar an bhonn sin, ní amhras ar bith go saineofaí an Eoraip go huile mar imeallchríoch, mar imeallréigiún (Delanty agus Rumford, 2005, l. 220), sa mhéid is gur áit í atá lán croisbhealaí agus aighneas, spás a n-imríonn idirspleáchas domhanda go háirithe tionchar mór uirthi.

Is é an Polasaí Eorpach um Chomharsanacht (P.E.C.) an léiriú is fearr go bhfuil spéis ag an AE feidhmiú lasmuigh dá ghar-réimse tionchair agus freagrachtaí a ghlacadh chuige féin i rialú na sibhialtacha. Is fearr ná riamh a thuigeann an Coimisiún, sa domhan seo na bhfosc airgeadais, na ngréasán cumarsáide agus na margaí gur mó an tsiocair éagobhsaíocht fhéideartha ná barántas slándála iad na teorainneacha dobhogtha. Is é freagra an AE air sin go bhforbrófaí

---

Daniel Innerarity

---

crios rathúnais agus comharsanacht shíochánta, « ciorcal » cairde, a bhfuil caidreamh comhoibrithe eatarthu. Trí aitheantas a thabhairt don idirchaidreamh idir a fhorbairt inmheánach agus a thimpeallacht sheachtrach, admhaíonn an tAE nach féidir leis é féin a shamhlú i dtéarmaí deighilt dhocht eatarthu siúd atá ar an taobh istigh agus an mhuintir atá ar an taobh amuigh. “Is é an tasc atá againn ciorcal de thíortha dea-rialaithe a chur chun cinn in Oirthear na hEorpa agus thart ar an Mheánmhuir, lena dtiocfadh linn caidreamh dlúth-chomhoibrithe a bheith againn” (Comhairle na hEorpa, 2003). Ní féidir slándáil inmheánach an AE a bhrath go díreach i dtéarmaí rialú a chuid teorainneacha seachtracha. Beagán ar bheagán, tuigtear dúinn gur gá bogadh ar shiúl ón *daingean Eorpach* a fhad le topagrafaíocht de chriosanna críche a d’fhéadfadh scaradh na hEorpa agus an chuid eile den domhan a laghdú.

### **Eoraip dhomhandaithe: *muidne gan aon iadsan***

Caithfear an cheist seo faoi cé acu atá sibhialtacht Eorpach ann nó nach bhfuil a chur fosta i dtéarmaí nua. Seachas smaoineamh uirthi mar cheist féiniúlachta, ba chóir tabhairt fúithi ina áit sin mar dhúshlán atá nasctha le misean sibhialaithe na hEorpa. Má bhíonn rath ar an eispéireas Eorpach seo, dáiríre, tarlóidh sin ar an ábhar go gcuireann sé samhail féiniúlachta chun cinn nach n-éilíonn, ní hamháin, cealú a héagsúlacht inmheánach, ach nach n-éilíonn ach oiread cur i gcoinne daoine eile lena chur féin in iúl: is *muidne* atá ann gan aon iadsan.

Ní féidir an Eoraip a shamhlú mar rud atá scartha amach ón chuid eile den domhan. Ba rud buan go stairiúil é an dualadh seo: an tuiscint

---

Daniel Innerarity

---

sin go rabhthas nasctha leis an domhan léiríodh í san Eoraip ar dhóigh dhíochra thréan i gcónaí. An ghné seo, a bhí le brath anallód mar ghluaiseacht thallannach sibhialaithe, ach tráchtála agus choilíneach chomh maith, thug sí éifeacht agus neart don Eoraip a chaomhnaigh í ó bheith ag inphléascadh uirthi féin. Is é sin an fáth gur féidir a mhaíomh nach gciallaíonn coinscleo an domhandaithe scoilt ar bith nua i dtaca lena stair de. Is é rud go n-éiríonn an Eoraip iltíreach seo níos doimhne de bharr thionscadal seo an AE (Beck agus Grande, 2004). Agus an Eoraip á cruthú féin mar aonad ar leor í inti féin, atá glanscartha ón chuid eile den domhan agus in iomaíocht léi, níl aon bhrí leis an eispéireas Eorpach ach bheith ag cur i láthair fíorphobal iltíreach atá ag giniúint. Is féidir leis an Eoraip, a raibh cultúr spleodrach pléascánta i gcónaí aici, a ciall féin a bhaint as seo ar fad. Ó tharla constaicí bheith roimpi amach ar nós an chlísé a chuireann síos ar an domhandú mar bhagairt, nó an fholáirimh sa bhealach uirthi a mhaíonn gurb í an Eoraip capall Traoi an domhandaithe (mar a dúirt Nicolas Sarkozy le linn fheachtas uachtaránachta 2007, pointe ar aontaigh mórán den eite chlé leis, agus a fhios aige gur úsáid an Páirtí sóisialach an frása céanna le linn Chomhdháil Dijon i 2003), tá sé práinneach go ndéanfaí « an Eoraip a dhíchúigiú » (Chakarbart, 2000), is é sin le rá í a chur sa chomhthéacs lena mbaineann sí agus aghaidh á tabhairt aici ar a cuid freagrachtaí reatha.

Léiríonn an tAontas Eorpach nach bagairt in aghaidh an daonlathais é an domhandú ach deis chun í a leathnú lastall de theorainneacha an Náisiún-Stáit. *Is é atá san Eoraip cur chuige fíordhírthe le córas*

---

Daniel Innerarity

---

*domhanda a fhorbairt* (Meyer, 2006, l. 154), *mionsamhail de pholaití domhanda*. Ina áit bheith ag amharc ar an domhandú mar bhagairt, caithfear é a fheiceáil mar dheis chun an tionscadal Eorpach a shainiú i dtéarmaí domhanda.

Cothaíonn cleachtais rialtais an Aontais Eorpaigh samplaí de mheonta a bhfuil tionchar domhanda ag roinnt leo: bheith ábalta a phobal féin a mheas fad áirithe siar uaidh, glacadh le teorainneacha, comhiontaoibh agus toilteanas comhoibrithe, mothú comhghuaillíocht thrasnáisiúnta (Magnette, 2006, l. 154). Níl an Eoraip eiseamláireach cionn is cineál éigin uaisleachta nó ardchéimíochta, tá sí eisceachtúil cionn is go bhfuil an spás Eorpach ina chás ionadach ó tharla nach féidir mórchuid na gcinntí polaitiúla a cheadú gan a chinntiú roimh ré go bhfuil siad ag teacht le leasanna grúpaí eile. Sa mhéid sin, is féidir an Eoraip a bhrath mar pharaidím den pholaitíocht nua a éilíonn domhan idirspleách. *Tá an Eoraip ar nós turgnamh nua-aimseartha a chruthaíonn domhan fíor ilpholach (...). Gan amhras, is é sin ceann de na teachtaireachtaí a thig leis an Eoraip pholaitiúil a mholadh: ilpholach í féin, tig léi an cineál sin eagraíochta a chur chun cinn; trína cleachtas inmheánach féin a theilgean anonn chuig an taobh amuigh, tig léi cuidiú leis an domhandú a shibhialú* (Foucher, 2000, l. 137). Is freagra nua é próiseas Eorpach an imeasctha pholaitiúil, a bheidh lá éigin amach anseo b'fhéidir ina eiseamláir, freagra nua é ar na tosca a shocraíonn i láthair na huaire oibriú agus feidhmiú na cumhachta sa domhan.

Daniel Innerarity

---

Beck, Ulrich / Grande, Edgar (2004), *Das kosmopolitische Europa. Gesellschaft und Politik in der Zweiten Moderne*, Frankfurt: Suhrkamp.

Braudel, Fernand (1999), *La Méditerranée*, Paris: Flammarion.

Chakrabarty, Dipesh (2000), *Devincializing Europe: Postcolonial Thought and Historical Difference*, Princeton University Press.

Delanty, Gerard / Chris Rumford (2005), *Rethinking Europe. Social Theory and the Implications of Europeanization*, London: Routledge.

European Council (2003), "A secure Europa in a better world: European security strategy", 12 december, Brussels.

Foucher, Michel (2000), *La République européenne*, Paris: Belin.

Hassner, Pierre (2002), "Fixed Borders or Moving Borderlands? A New Type of Border for a New Type of Entity", in Jan Zielonka (ed.), *Europe Unbound: Enlarging and Reshaping the Boundaries of the European Union*, London, Routledge.

Magnette, Paul (2006), *Au nom des peuples. Le malentendu constitutionnel européen*, Paris: Cerf.

Meyer, John (2001), "The European Union and the globalization of culture", en S. Andersen (ed.), *Institutional Approaches to the European Union: Arena Report, No. 3/2001*, Oslo.

Sassen, Saskia (2001), "Spatialities and temporalities of the global: elements for a theorization", en A. Appadurai (ed.), *Globalization*, Durhan: Duke University Press.

---

Daniel Innerarity

---

Valéry, Paul (1957), "*Note (ou L'Européen)*", en *Œuvres. I*, Paris: la Pléiade, 1000-1014.